

AGUISÍN B

Bille um Scéim Ghinearálta d'Oideachas (Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí) 2016

Anailís Tionchair Rialála

1. Achoimre ar an RIA

Achoimre ar an Anailís Tionchair Rialála (RIA)	
Roinn/Oifig: An Roinn Oideachais agus Scileanna	Teideal na Reachtaíochta: Bille um Scéim Ghinearálta d'Oideachas (Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí) 2016
Céim:	Dáta: Mí Dheireadh Fómhair 2016
Foilseacháin Ghaolmhara:	
Ar fáil le hamharc uirthi nó lena híoslódáil ar: www.education.ie	
Teagmháil le haghaidh fiosruithe: Rannóg Tuismitheoirí, Foghlaimoírí agus Bunachar Sonraí An Roinn Oideachais agus Scileanna Corr na Madadh Baile Átha Luain Co. na hIarmhí	
R-phost: charter@education.gov.ie	
Cad iad cuspóirí an pholasaí ar tugadh fúthu? In Alt 28 den Acht Oideachais 1998 déantar foráil do ghearáin ó thuismitheoirí i scoileanna. Léirítear ann inmhianaitheacht le cinneadh a dhéanamh ar achomhairc agus le casaoidí a réiteach sa scoil. Ó thosach feidhme Alt 28 den Acht Oideachais 1998, níor roghnaigh aon Aire nósanna imeachta a fhorordú faoin alt sin. Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an Bhille um Scéim Ghinearálta d'Oideachas (Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí) 2016: <ul style="list-style-type: none">- na prionsabail a leagan amach a thabharfaidh treoir don chaoi ina mbunóidh scoileanna caidreamh le tuismitheoirí agus le scoláirí agus- a cheangal ar gach scoil Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí a bheith aici faoi Alt 28 atá leasaithe den Acht Oideachais 1998. Beidh an Chairt bunaithe ar phrionsabail atá leagtha amach sa dlí. Foilseoidh an tAire treoirlínte faoin gCairt tar éis dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe oideachais.	
Cad iad na roghanna polasaí a cuireadh san áireamh? Tabhair achoimre de do thoil, faoi na costais, buntáistí agus tionchair a bhaineann le gach ceann de na roghanna thíos agus cuir in iúl cibé ar aithníodh an rogha is fearr. 1. Gan rud ar bith a dhéanamh. 2. Úsáid a bhaint as na forálacha reatha in Alt 28 den Acht Oideachais 1998 agus nósanna imeachta do ghearáin ó mhúinteoirí a fhorordú.	

3. Reachtaíocht a thabhairt isteach le prionsabail a leagan amach a thabharfaidh treoir don chaoi ina mbunóidh scoileanna caidreamh le tuismitheoirí agus le scoláirí agus ceangal a chur ar scoileanna Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí a fheidhmiú i gcomhréir leis na treoirlínte atá foilsithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

An Rogha is Fearr:

Reachtaíocht a thabhairt isteach chun treoir a thabhairt don chaoi ina mbunóidh scoileanna caidreamh le tuismitheoirí agus le scoláirí agus ceangal a chur ar scoileanna Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí a fheidhmiú i gcomhréir leis na treoirlínte atá foilsithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

ROGHANNA			
	COSTAIS	BUNTAÍSTÍ	TIONCHAIR
1	<ul style="list-style-type: none"> Níl foráil déanta do phrionsabail sa dlí a thabharfaidh treoir don chaoi ina mbunóidh scoileanna caidreamh le tuismitheoirí agus scoláirí. 	<ul style="list-style-type: none"> Ní aithnítear aon bhuntáistí ag eascairt as an rogha seo. 	<ul style="list-style-type: none"> Leanfaidh na heasnaimh atá ann cheana féin ar aghaidh maidir le gearáin ó thuismitheoirí. Leanann an próiseas gearán dochrach ar aghaidh. Easpa prionsabal chun treoir a thabhairt don chaoi ina mbunóidh scoileanna caidreamh le tuismitheoirí agus scoláirí.
2	<ul style="list-style-type: none"> Níl foráil déanta do phrionsabail sa dlí a thabharfaidh treoir don chaoi ina mbunóidh scoileanna caidreamh le tuismitheoirí agus scoláirí. Níl an fhoráil reachtach in Alt 28 ach ag díriú ar 	<ul style="list-style-type: none"> Nósanna imeachta gearán áitiúla curtha i bhfeidhm. 	<ul style="list-style-type: none"> Leanann próiseas gearán dochrach ar aghaidh. Easpa prionsabal chun treoir a thabhairt don chaoi ina mbunóidh scoileanna caidreamh le tuismitheoirí agus scoláirí.

	<p>nósanna imeachta le casaoidí nó achomhairc a phróiseáil nuair a thagann siad chun cinn.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Próiseas gearán dochrach ina bhféadfadh costais dlí a bheith i gceist. 		
3	<ul style="list-style-type: none"> • Mionchostais áirithe ó thaobh Treoirlínte Náisiúnta faoi Chairt a fhorbairt agus a fhoilsiú. • Mionchostais áirithe áit a gcaithfidh an tAire treoir a eisiúint chuig scoil. 	<ul style="list-style-type: none"> • Prionsabail leagtha amach sa dlí le treoir a thabhairt don chaoi ina mbunaíonn scoileanna caidreamh le tuismitheoirí agus scoláirí. • Athrú cultúir i scoileanna a chothú maidir leis an gcaidreamh le scoláirí agus tuismitheoirí. • Nósanna imeachta gearán áitiúla curtha i bhfeidhm. • Baint ag na comhpháirtithe oideachais i bhforbairt na dtreoirlínte. 	<ul style="list-style-type: none"> • Feabhas ar an gcaidreamh idir an scoil agus tuismitheoir agus idir an scoil agus scoláire. • Is léir do na tuismitheoirí ó na treoirlínte náisiúnta cad a bhfuiltear ag súil leis óna scoil. • Is léir do na scoláirí ó na treoirlínte náisiúnta cad a bhfuiltear ag súil leis óna scoil.

2. Comhthéacs an Pholasaí agus na Cuspóirí Policy Context and Objectives

Comhthéacs an Pholasaí

San Acht Oideachais, cé gur léir go ndearnadh forálacha áirithe ann a thabharfadh treoir agus a d'imreodh tionchar ar an gcaidreamh idir scoil agus a scoláirí agus tuismitheoirí, ní dhéantar foráil d'aon chur chuige comhtháite nó straitéis le cur leis an gcaoi ina bhfreastalaíonn scoileanna ar scoláirí agus ar thuismitheoirí. Is forálacha teoranta iad na forálacha reachtacha ina ndéantar iarracht a leagan amach cad ar chóir do scoláirí agus

tuismitheoirí a bheith ag súil leis ó scoileanna agus níl na cinn atá ann faoi láthair tacaíthe le prionsabail a d'fhéadfadh an cleachtas a threorú, cuidiú le caighdeáin a leagan síos agus cur leis an méid ina mbíonn scoileanna freagrúil do riachtanais scoláirí agus tuismitheoirí agus a mbíonn siad ag súil leis uathu.

Agus foráil ar leith á déanamh do chasaoidí scoláirí agus tuismitheoirí d'aithin an tAcht gur féidir le deacrachtaí teacht chun cinn. Ach, níl an fhoráil reachtach in Alt 28 ach ag díriú ar nósanna imeachta a chruthú le casaoidí nó achomhairc a phróiseáil nuair a thagann siad chun cinn. Ní dhíríonn sí ach ar bhainistiú a dhéanamh ar an bpróiseas maidir le freagairt do ghearán seachas ionchur a bheith aici ar aon bhealach le bainistiú a dhéanamh ar fhadhbanna ar dhóigh éagsúil agus sula mbíonn siad ina gcúis casaoidí.

Rinneadh iarrachtaí áirithe le comhpháirtithe oideachais, go háirithe ag an leibhéal bunscoile, le nósanna imeachta a fhorbairt faoi Alt 28, ach go dtí seo, níor bogadh ar aghaidh leis seo le rialacháin a dhéanamh sa réimse seo. Rinneadh forbairt ar nósanna imeachta gearán áitiúla reatha agus comhaontaíodh iad le forais bainistíochta scoile agus ceardchumainn na múinteoirí.

An rogha eile ná cur chuige reachtach a ghlacadh a bhfuil mar aidhm aige athrú cultúir i scoileanna a chothú ó thaobh an chaidrimh le scoláirí agus tuismitheoirí. Sa Chlár um Rialtas Comhpháirtíochta (2016) déantar foráil go dtabharfaidh an Rialtas nós imeachta gearán atá níos láidre agus cairt do thuismitheoirí isteach. Tá sé i gceist go dtiocfaidh sé seo in áit Alt 28 den Acht Oideachais agus déanfar Alt 28 a athmhúnlú go hiomlán. Leis na hathruithe reachtacha atá beartaithe leagfar béim ar fheabhas a chur ar an taithí laethúil lena mbeadh scoláirí agus a dtuismitheoirí ag súil ó na scoileanna.

Tá ceangal freisin ar an reachtaíocht atá beartaithe foráil a dhéanamh do nósanna imeachta gearán áitiúla a bheadh tuismitheoirí agus scoláirí in ann a úsáid, sula dtugann siad na gearáin chuig an Ombudsman do Leanáí.

Na Cuspóirí

Tá sé beartaithe go dtiocfaidh forálacha dlí nua in áit na bhforálacha reatha in Alt 28 a bhfuil mar aidhm acu cur chuige níos comhtháite a chruthú sa chóras scoile lena mbeadh scoláirí agus tuismitheoirí ag súil ó na scoileanna, don chaoi ina mbunóidh scoileanna caidreamh le scoláirí agus tuismitheoirí; agus na caighdeáin a chuirfidh na scoileanna i bhfeidhm le freastal ar na scoláirí agus a dtuismitheoirí.

Leis an gcur chuige iomlán seo táthar ag bogadh ó bheith ag díriú ar fhreagairt d'fhadhbanna nuair is cúis casaoidí iad go dtí feabhas a chur ar an taithí laethúil lena mbeadh scoláirí agus a

dtuismitheoirí ag súil ó na scoileanna. Déanfar é seo trí na prionsabail a leagan amach sa dlí nach mór do scoileanna a chur i bhfeidhm agus iad i mbun caidrimh le scoláirí agus tuismitheoirí.

Beidh ceangal ar gach scoil cairt tuismitheoirí agus scoláirí a bheith aici. Sa Bhille cuirfear ceangal nach mór don chairt i ngach scoil na treoirlínte a fhoilseoidh an tAire a leanúint. Beidh na treoirlínte deartha le héifeacht a thabhairt do na prionsabail atá leagtha amach sa Bhille agus déanfar iad a fhorbairt i gcomhairle leis na comhpháirtithe oideachais.

Tá cumhacht á glacadh ag an Aire le hordú a thabhairt do scoil na treoirlínte foilsithe a chomhlíonadh. Tá sé seo ann lena chinntiú, má theipeann ar na scoileanna na treoirlínte a chomhlíonadh faoi Chairt Tuismitheoirí agus Scoláirí, gur féidir leis an Aire ordú a thabhairt do scoileanna agus iallach a chur orthu na treoirlínte foilsithe a chomhlíonadh.

3. Aithint agus Cur Síos ar na Roghanna

Rogha 1: Gan rud ar bith a dhéanamh.

Mura ndéantar rud ar bith coinneofar an status quo agus leanfaidh an easpa soiléireachta atá ann faoi láthair ar aghaidh maidir le gearáin ó thuismitheoirí.

Ní bheidh aon athrú cultúir ó thaobh an chaoi ina mbíonn caidreamh ag na scoileanna le tuismitheoirí agus scoláirí. Ní dhéanfar aon fhoráil do phrionsabail sa dlí a thabharfaidh treoir don chaoi ina mbunaíonn scoileanna caidreamh le tuismitheoirí agus scoláirí. Leanfar ag baint úsáide as na nósanna imeachta gearán dochracha, mar atá comhaontaithe ag na forais bainistíochta scoile agus ceadchumainn na múinteoirí.

Rogha 2: Úsáid a bhaint as na forálacha reatha in Alt 28 den Acht Oideachais 1998 agus nósanna imeachta do ghearáin ó mhúinteoirí a fhorordú.

Ní dhíríonn an fhoráil reachtach in Alt 28 atá ann faoi láthair ach ar nósanna imeachta a chruthú le casaoidí nó achomhairc a phróiseáil nuair a thagann siad chun cinn. Ní dhíríonn sí ach ar bhainistiú a dhéanamh ar an bpróiseas maidir le freagairt do ghearán seachas ionchur a bheith aici ar aon bhealach le bainistiú a dhéanamh ar fhadhbanna ar dhóigh éagsúil agus sula mbíonn siad ina gcúis casaoidí.

Ní dhéanfar aon fhoráil do phrionsabail sa dlí a thabharfaidh treoir don chaoi ina mbunaíonn scoileanna caidreamh le tuismitheoirí agus scoláirí. D'fhanfadh an nádúr dochrach de phróiseas gearán na dtuismitheoirí mar atá.

Rogha 3: Reachtaíocht a thabhairt isteach le prionsabail a leagan amach a thabharfaidh treoir don chaoi ina mbunáinn scoileanna caidreamh le tuismitheoirí agus scoláirí agus ceangal a chur ar scoileanna Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí a fheidhmiú i gcomhréir leis na treoirlínte atá foilsithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

Is é atá i gceist leis an rogha seo ná reachtaíocht nua a thabhairt isteach a dhéanfaidh na nithe seo a leanas:

- Sainmhíniú a thabhairt ar na prionsabail a thabharfaidh treoir don chaoi ina mbunóidh scoileanna caidreamh le tuismitheoirí agus scoláirí;
- Ceangal a chur ar scoileanna Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí a bheith acu;
- Na prionsabail a leagan amach sa dlí ar a mbeidh an Chairt Tuismitheoirí agus Scoláirí bunaithe;
- Ligean don Aire treoirlínte a fhoilsiú faoina mbeidh an Chairt Tuismitheoirí agus Scoláirí ullmhaithe, foilsithe agus a mbeidh i bhfeidhm i gcomhréir leo;
- Cumhacht a chur ar fáil le go mbeidh an tAire in ann ordú a thabhairt do Bhoird Scoileanna leis na treoirlínte a chomhlíonadh;
- Ligean don Aire eolas a fhoilsiú faoi na teoracha atá eisithe;
- Ligean don Aire ordú a chúlghairm a tugadh do Bhord Scoile;
- Ceangal a chur ar scoileanna comhairlí, treoir nó moltaí a dhéanann an tOmbudsman do Leanaí a chur san áireamh;
- Ligean don Ombudsman do Leanaí a chur in iúl don Aire maidir le comhairlí, treoir nó moltaí atá déanta don bhord agus cumhacht a chur ar fáil le go mbeidh an tAire in ann ordú a thabhairt don bhord sin maidir leis na hábhair atá curtha in iúl don Aire ag an Ombudsman do Leanaí;
- Alt 9 d'Acht an Ombudsman do Leanaí 2002 a leasú le ról an Ombudsman do Leanaí a fhorbairt chun scoil a fhiosrú maidir le haon fheidhmeanna a éilítear ar scoil faoin alt nua d'Alt 28 den Acht Oideachais 1998;
- Fo-alt 9 (2) d'Acht an Ombudsman do Leanaí 2002 a scrios, ina gcuirtear ceangal ar an Ombudsman do Leanaí gan gníomh a dhéanann scoil a fhiosrú ach amháin mura raibh aon rogha ann agus má baineadh leas iomlán as na nósanna imeachta faoi Alt 28 i dtaca leis an ngníomh;
- Alt 9 den Acht Oideachais 1998 a leasú le ceanglas a chur san áireamh i measc na bhfeidhmeanna scoile nach mór do scoil rannpháirtíocht tuismitheoirí agus scoláirí a chur chun cinn san oideachas a chuirtear ar fáil do scoláirí agus
- Alt 27 den Acht Oideachais 1998 a leasú leis an gceanglas atá ar chomhairle scoláirí a athrú ó bheith ag cur leas na scoile chun cinn go dtí ceanglas le leasa scoláirí na scoile a chur chun cinn ag féachaint do shaintréithe agus polasaithe na scoile agus do na prionsabail mar atá leagtha amach in Alt 28.

Trí thabhairt faoi na réimsí atá leagtha amach thuas, déanfaidh an Bille Oideachais (Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí) athrú cultúir a chothú i scoileanna a mbeidh mar aidhm aige

feabhas a chur an taithí laethúil lena mbeadh scoláirí agus a dtuismitheoirí ag súil ó na scoileanna.

Rogha 3 más é an Rogha is fearr.

4. Anailís ar Chostais, Buntáistí agus Tionchair do na Roghanna ar fad

Rogha 1: Gan rud ar bith a dhéanamh.

Níl foráil déanta do phrionsabail sa dlí a thabharfaidh treoir don chaoi ina mbunaíonn scoileanna caidreamh le tuismitheoirí agus scoláirí. Níl aon nósanna imeachta gearán leagtha amach i dtreoirínte tar éis dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe oideachais.

Ní aithnítear aon bhuntáistí maidir le leanúint ar aghaidh leis an status quo.

Rogha 2: Úsáid a bhaint as na forálacha reatha in Alt 28 den Acht Oideachais 1998 agus nósanna imeachta do ghearáin ó mhúinteoirí a fhorordú.

Costas:

- Mar an gcéanna le rogha 1, níl foráil déanta do phrionsabail sa dlí a thabharfaidh treoir don chaoi ina mbunaíonn scoileanna caidreamh le tuismitheoirí agus scoláirí.
- Ní dhíríonn an fhoráil reachtach atá in Alt 28 faoi láthair ach ar nósanna imeachta a chruthú le casaoidí nó achomhairc a phróiseáil nuair a thagann siad chun cinn.
- Má bhíonn próiseas gearán dochrach ann d'fhéadfadh costais dlí a bheith i gceist nach gá mura réitítear na gearáin agus na casaoidí.

Buntáistí:

- Cuirtear nósanna imeachta gearán áitiúla i bhfeidhm i gcomhréir le nósanna imeachta Alt 28.

Tionchair:

- Leanann an próiseas gearán dochrach ar aghaidh.
- Ní chothaítear athrú cultúir i scoileanna le feabhas a chur ar an gcaoi ina mbunaíonn scoileanna caidreamh le tuismitheoirí agus scoláirí.

Rogha 3: Reachtaíocht a thabhairt isteach le prionsabail a leagan amach a thabharfaidh treoir don chaoi ina mbunaíonn scoileanna caidreamh le tuismitheoirí agus scoláirí agus ceangal a chur ar scoileanna Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí a fheidhmiú i gcomhréir leis na treoirlínte atá foilsithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

Cé go bhféadfadh costais sách mion teacht chun cinn mar atá leagtha amach thíos, tá sé beartaithe go mbeidh na mionchostais seo clúdaithe ó laistigh den leithdháileadh maoinithe atá ann cheana féin.

Mionchostais:

- Mionchostais don Státchiste ó thaobh Treoirlínte Náisiúnta faoi Chairt a fhorbairt agus a fhoilsiú – comhairliúcháin leis na comhpháirtithe oideachais, cruinnithe, costais eolais agus priontála.
- Mionchostais riaracháin áirithe áit a gcaithfidh an tAire ordú a eisiúint chuig scoil.

Buntáistí:

- Prionsabail atá leagtha amach sa dlí le treoir a thabhairt don chaoi ina mbunaíonn scoileanna caidreamh le tuismitheoirí agus scoláirí.
- Ba chóir go gcabhródh an Chairt le hathrú cultúir a chothú i scoileanna agus le feabhas a chur ar an gcaoi ina mbunaíonn scoileanna caidreamh le tuismitheoirí agus scoláirí.
- Cuirtear nósanna imeachta gearán áitiúla i bhfeidhm.
- Lorgaítear comhairle ó na comhpháirtithe oideachais agus bíonn siad rannpháirteach i bhforbairt na dtreoirlínte náisiúnta faoin gCairt.
- Déantar foráil freisin d'fheidhm breise na scoileanna a ndéantar foráil di sa dlí agus athrú ar fhócas na gcomhairlí scoláirí sa dlí.

Tionchair:

- Leis an gCairt ba chóir go mbeadh leibhéil mhéadaithe rannpháirtíochta idir na scoileanna agus tuismitheoirí agus scoláirí.
- Bíonn na tuismitheoirí agus scoláirí soiléir ó na treoirlínte náisiúnta faoina chóir dóibh a bheith ag súil leis óna scoil.
- Faoin dlí, beidh sé mar fheidhm scoile anois rannpháirtíocht tuismitheoirí agus scoláirí a chur chun cinn san oideachas a chuirtear ar fáil do scoláirí agus
- Déanfar an ceanglas faoi chomhairle scoláirí a leasú faoin dlí le leasa scoláirí na scoile a chur chun cinn ag féachaint do shaintréithe agus polasaithe na scoile.

Iomaíochas Náisiúnta

Níl aon éifeachtaí díreacha i gceist.

Na Grúpaí atá Fágtha ar Lár go Sóisialta agus na Grúpaí Daoine Soghonta

Sa reachtaíocht atá beartaithe leagfar amach na prionsabail a thabharfaidh treoir don chaoi ina mbunóidh na scoileanna caidreamh le tuismitheoirí agus scoláirí. Ba chóir go gcothódh an Chairt Tuismitheoirí agus Scoláirí athrú cultúir dearfach i scoileanna.

An Comhshaol

Níl aon éifeachtaí díreacha i gceist.

Margadh eacnamaíoch, Tomhaltóirí agus Iomaíocht

Níl aon éifeachtaí díreacha i gceist.

Ceartha na Saoránach

Sa reachtaíocht atá beartaithe leagfar amach na prionsabail a thabharfaidh treoir don chaoi ina mbunóidh na scoileanna caidreamh le tuismitheoirí agus scoláirí. Ní chuirfidh an Chairt Tuismitheoirí agus Scoláirí cearta nua ar fáil do dhaoine aonair. Seachas sin, beidh an Chairt cosúil le cairt chustaiméirí atá mar aidhm aici feabhas a chur ar thaithí na dtuismitheoirí agus scoláirí ina gcuid rannpháirtíochta le scoileanna.

Daoine faoi mhíchumas

Sa reachtaíocht atá beartaithe leagfar amach na prionsabail a thabharfaidh treoir don chaoi ina mbunóidh na scoileanna caidreamh le tuismitheoirí agus scoláirí. Beidh éifeacht dhearfach ag na tograí orthu siúd atá faoi mhíchumas agus orthu siúd a bhfuil riachtanais oideachais speisialta trína leagan amach sna treoirlínte náisiúnta ar an gcaoi ar chóir do scoileanna dul i mbun caidrimh le tuismitheoirí agus scoláirí. Beidh fáil ag na Tuismitheoirí agus Scoláirí freisin ar phróiseas gearán áitiúil. Sa Chair Tuismitheoirí agus Scoláirí déantar foráil nach mór caitheamh go comh-mheasúil le tuismitheoirí agus scoláirí.

An Bhochtaineacht

Cé nach foráil faoi phromhadh bochtaineachta í go díreach, beidh éifeacht ag na forálacha atá beartaithe ar na grúpaí atá fágtha ar lár go sóisialta agus ar ghrúpaí daoine soghonta trí fhoráil a dhéanamh gur chóir do scoileanna dul i gcomhairle le scoláirí agus tuismitheoirí go rialta maidir le costais agus obair scoile ionas nach mbeidh na costais mar bhacainn ó thaobh na rannpháirtíochta.

Ualaí Comhlíontachta

Leis na forálacha atá beartaithe déanfar foráil do mheicníocht ina mbeidh an tAire in ann ordú a thabhairt do bhord scoile leis na treoirlínte náisiúnta faoi Chairt Tuismitheoirí agus Scoláirí a chomhlíonadh. Foilseoidh an tAire na treoirlínte náisiúnta tar éis dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe oideachais.

Beidh cumhacht ag an Aire freisin ordú a thabhairt do bhord scoile maidir le hábhair atá curtha in iúl don Aire ag an Ombudsman do Leanaí. Bainfidh sé seo le cásanna inar chuir an tOmbudsman do Leanaí in iúl don Aire maidir le haon chomhairlí, treoir nó moltaí a rinneadh do bhord scoile ar leith.

Sa dá chás, tá sé i gceist go scríobhfaidh an tAire chuig an scoil ar dtús agus leagfaidh sé amach cá bhfuil sé i gceist aige nó aici ordú a thabhairt agus téarmaí an ordaithe atá beartaithe a lua agus na cúiseanna a thabhairt dá réir. Is féidir le bord scoile aighneachtaí i scríbhinn a chur faoi bhráid an Aire ansin.

Dhéanfadh an tAire na haighneachtaí atá curtha faoina b(h)ráid a mheas ansin sula dtugann sé ordú do bhord na scoile. Táthar ag súil nach mbeidh mórán amanna i gceist nuair a bheadh ar an Aire ordú a eisiúint chuig bord scoile agus dá bhrí sin níltear ag ceapadh go mbeidh ualach mór i gceist maidir leis na hábhair seo dá bhrí sin.

Caidrimh Thuaidh Theas agus Thoir Thiar

Níl aon éifeachtaí díreacha i gceist.

5. Comhairliúchán

Beidh an reachtaíocht atá beartaithe faoi réir mionscrúdaithe ag Coiste an Oireachtais um Oideachas agus Scileanna. Beidh deis freisin ag na comhpháirtithe oideachais dul i gcomhairle leis an Roinn faoin mBille atá beartaithe.

Tá sé i gceist comhairliúchán suntasach a dhéanamh leis na comhpháirtithe oideachais leis na treoirlínte náisiúnta faoi Chairt Tuismitheoirí agus Scoláirí a fhorbairt. Táthar ag súil go dtosódh an próiseas comhairliúcháin seo nuair a ritear an reachtaíocht bheartaithe. San áireamh sna comhpháirtithe oideachais a mbeadh baint acu ann bheadh na dreamanna seo a leanas:

- Forais Bainistíochta Scoile
- Forais ionadaíochas do Phríomhoidí Scoile
- Ceardchumann Múinteoirí
- Comhairlí Náisiúnta Tuismitheoirí agus

- Foras ionadaíoch do na Scoláirí Dara leibhéal.

6. Forfheidhmiú agus Comhlíonadh

Leis na forálacha atá beartaithe déanfar foráil do mheicníocht ina mbeidh an tAire in ann ordú a thabhairt do bhord scoile leis na treoirlínte náisiúnta faoi Chairt Tuismitheoirí agus Scoláirí a chomhlíonadh. Foilseoidh an tAire na treoirlínte náisiúnta tar éis dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe oideachais.

Beidh cumhacht ag an Aire freisin ordú a thabhairt do bhord scoile maidir le hábhair atá curtha in iúl don Aire ag an Ombudsman do Leanaí. Bainfidh sé seo le cásanna inar chuir an tOmbudsman do Leanaí in iúl don Aire maidir le haon chomhairlí, treoir nó moltaí a rinneadh do bhord scoile ar leith.

Sa dá chás, tá sé i gceist go scríobhfaidh an tAire chuig an scoil ar dtús agus leagfaidh sé amach cá bhfuil sé i gceist aige nó aici ordú a thabhairt agus téarmaí an ordaithe atá beartaithe a lua agus na cúiseanna a thabhairt dá réir. Is féidir le bord scoile aighneachtaí i scríbhinn a chur faoi bhráid an Aire ansin. Dhéanfaidh an tAire na haighneachtaí atá curtha faoina b(h)ráid a mheas ansin sula dtugann sé ordú do bhord na scoile.

7. Athbhreithniú

A luaithe agus a dhéantar an reachtaíocht bheartaithe a achtú, coinneofar ag déanamh athbhreithnithe uirthi lena chinntiú go gcomhlíonann sí a cuspóirí.

8. Foilseachán

Rannóg Tuismitheoirí, Foghlaimeoirí agus Bunachar Sonraí

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Mí Dheireadh Fómhair 2016